AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2026
COM(2026) 353 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le hearnáil na talmhaíochta

1. Réamhrá

Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le Comheagrú na Margaí (CEM)[1] leagtar síos na coinníollacha maidir le táirgí talmhaíochta a mhargú sa mhargadh inmheánach. Is cuid dhílis den chomhbheartas talmhaíochta (CBT) é agus déantar foráil ann maidir le rialacha teicniúla comhchuibhithe margaidh agus trádála, rud a áirithíonn treoshuíomh margaidh d'earnáil talmhaíochta an Aontais. Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), deonaítear stádas sonrach d'earnáil na talmhaíochta, ionas go gcuirfear na rialacha iomaíochta is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta in oiriúint do shaintréithe sonracha na hearnála (lena n-áirítear ilroinnt na hearnála feirmeoireachta (cuir é sin i gcomparáid le comhchruinniú na ngníomhaithe réamhtheachtacha agus iartheachtacha i slabhra an tsoláthair agraibhia), timthriallta fada táirgeachta agus luaineacht mhór arna spreagadh ag tosca aeráide agus nádúrtha), agus cuspóirí CBT á gcur san áireamh. Cuireann an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) an tuarascáil seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 225, pointe (d) de CEM. I gcomhréir leis an bhforáil sin, leagtar amach sa tuarascáil seo conas a cuireadh rialacha iomaíochta, mar a leagtar síos in CEM, i bhfeidhm[2] maidir le hearnáil na talmhaíochta i ngach Ballstát[3].

Cumhdaítear sa tuarascáil an tréimhse ó mhí Iúil 2017 go dtí mí Iúil 2025 maidir le heisiaimh ó rialacha iomaíochta in CEM agus an tuairisc ar imscrúduithe in aghaidh trustaí[4].

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

[2] Tá cur i bhfeidhm na n-eisiamh ó Airteagal 101(1) CFAE bunaithe ar fhéinmheasúnú arna dhéanamh ag táirgeoirí, agus dá bhrí sin ní gá dóibh é a thuairisciú don Choimisiún. Dá réir sin, tá an tuarascáil seo bunaithe den chuid is mó ar iarrataí foirmiúla ar thuairimí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, ar ghearáin agus ar imscrúduithe *ex officio* ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus ar thuairisciú na mBallstát.

[3] Cumhdaíonn earnáil na talmhaíochta na táirgí atá liostaithe in Airteagal 1(2) de CEM agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le CEM.

[4] An tuarascáil roimhe seo: *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais maidir le hearnáil na talmhaíochta*, COM(2018) 706 final agus Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an doiciméad Tuarascáil ón gCoimisiún

Ní mór an tuarascáil a mheas, agus an comhthéacs eacnamaíoch agus beartais níos leithne sa tréimhse lena mbaineann á chur san áireamh. An tráth sin, bhí sraith géarchéimeanna móra eacnamaíocha agus sláintíochta roimh earnáil talmhaíochta na hEorpa, amhail paindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, na méaduithe géara ar chostais fuinnimh agus leasacháin, teagmhais adhaimsire agus bagairtí leanúnacha sláintíochta amhail galair ainmhithe, ar fhreagair an Coimisiún go láidir dóibh uile[5].

In 2024, moladh sa Phlé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach[6] (Plé Straitéiseach) go gcuirfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit tionscnaimh chomhair chun cinn idir feirmeoirí agus gníomhaithe eile sa slabhra soláthair i gcomhréir le hAirteagal 210a CEM chun luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as a n-iarrachtaí agus a n-infheistíochtaí inbhuanaitheachta. Iarradh sa Phlé Straitéiseach freisin ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit 'staon ó chur isteach iomarcach ar an margadh a chuireann teorainn leis an iomaíocht' chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh fheirmeoirí an Aontais.

I mí na Nollag 2024, mhol an Coimisiún bearta chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú agus muinín sa slabhra a athbhunú idir a ghníomhaithe, lena n-áirítear tograí a bhaineann le rialacha iomaíochta sa talmhaíocht[7].

2. Cur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta mar a leagtar síos in CEM iad maidir le hearnáil na talmhaíochta i ngach Ballstát

Le CFAE, tugtar stádas speisialta d'earnáil na talmhaíochta. Faoi Airteagal 42 CFAE, níl feidhm ag rialacha iomaíochta an Aontais maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta ach amháin a mhéid a chinneann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú Airteagal 43(2) CFAE, agus cúig chuspóir CBT dá bhforáiltear faoi Airteagal 39 CFAE á gcur san áireamh.

---

chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais maidir le hearnáil na talmhaíochta, SWD (2018) 450 final.

[5] Tuarascáil speisialta: Soláthar bia a dhaingniú le linn ghéarchéim COVID-19.

[6] Plé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach.

[7] *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia*, COM(2024) 577 final.

D’aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) tosaíocht CBT ar chuspóirí CFAE i réimse na hiomaíochta[8].D’admhaigh sí freisin go bhfuil sé ar cheann de chuspóirí CBT agus chomheagrú na margaí iomaíocht éifeachtach a choinneáil ar bun[9].

De bhun Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) CFAE, bunaítear le CEM eisiaimh a bhaineann go sonrach leis an talmhaíocht ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE. Áirítear ar na heisiaimh sin, a leagtar amach i dtuarascáil 2018 ón gCoimisiún, eisiaimh ghinearálta a d’fhéadfadh a bheith cothrománach (i gcás cinntí, comhaontuithe nó cleachtais chomhbheartaithe feirmeoirí nó táirgeoirí, nó comhlachas feirmeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí (ETanna) (Airteagal 152 agus Airteagal 209), nó ingearach (i gcás comhaontuithe, cinntí nó cleachtais chomhbheartaithe eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe (EICanna) (Airteagal 210), nó cothrománach (arna dtabhairt i gcrích idir iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha ar an leibhéal céanna den slabhra (feirmeoirí mar shampla)) agus ingearach (má thugtar i gcrích iad idir gníomhaithe atá ag feidhmiú ar leibhéil éagsúla den slabhra (feirmeoirí a dhéanann comhaontú le próiseálaithe mar shampla) (Airteagal 210a). Cumhdaítear sa tuarascáil freisin eisiaimh le haghaidh comhchaibidlíochta in earnáil an bhainne (Airteagal 149), eisiaimh i gcásanna míchothromaíochtaí tromchúiseacha ar an margadh (Airteagal 222) agus eisiaimh a bhaineann le bainistiú soláthair le haghaidh táirgí agus earnálacha sonracha (Airteagail 166a-167-167a).

2.1 Comhar cothrománach (Airteagail 209, 149 agus 152 CEM)

Airteagal 209 de CEM

Déantar foráil in Airteagal 209 nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí ná cleachtais chomhbheartaithe feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí, ETanna aitheanta nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta (CETanna) a bhaineann le

[8]Breithiúnas an 29 Deireadh Fómhair 1980, *Maizena*, 139/79, EU:C:1980:250, mír 23, Breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 1994, *An Ghearmáin v An Chomhairle*, C-280/93, EU:C:1994: 367, mír 61; Breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2013, *Panellionios Szdesmos Viomichanion Metapoiisis Paknou*, C-373/11, EU: C: 201: 567, mír 39, a meabhraíodh le déanaí i mBreithiúnas an 14 Samhain 2017, *APVE agus Eile*, C-671/15, EU:C:2017:860, mír 37.

[9]Breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2003, *Milk Marque agus Aontas Náisiúnta na bhFeirmeoirí*, C-137/00, ECLI:EU:C:2003:429, mír 57, Breithiúnas an 14 Samhain 2017, *APVE agus Eile*, C-671/15, EU:C:2017:860, míreanna 37 agus 48.

táirgeadh nó díol táirgí talmhaíochta nó úsáid comháiseanna chun táirgí talmhaíochta a stóráil, a chóireáil nó a phróiseáil, mura rud é go gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm baint amach chuspóirí CBT in Airteagal 39 CFAE i gcontúirt.

Ní bheidh toirmeasc ar chomhaontuithe, ar chinntí ná ar chleachtais chomhbheartaithe lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 209, ná ní bheidh gá le haon chinneadh roimh ré lena n-údarófar iad. Féadfaidh na hoibreoirí ábhartha, áfach, tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht na gcomhaontuithe, na gcinntí nó na gcleachtas comhbheartaithe sin le cuspóirí CBT.

Go dtí seo, dhéileáil an Coimisiún le hiarraidh amháin ar thuairim faoi Airteagal 209. Tharla sé sin in 2020, nuair a d'eisigh sé tuairim dhearfach maidir leis an iarraidh a chuir comhlachas comharchumann feirmeoirí na Spáinne, *Cooperativas agro-alimentarias* (CAA) isteach, maidir le comhoiriúnacht sásra le cuspóirí CBT chun margadh ola olóige na Spáinne a chobhsú[10] trí ola olóige a stóráil go deonach.

Bhain an sásra leis na catagóirí ola olóige seo a leanas arna dtáirgeadh ag comhaltaí comharchumainn an chomhlachais: ola olóige úríon, ola olóige íon agus ola olóige lampante. Tá luaineachtaí láidre bliantúla táirgthe roimh an earnáil mar gheall ar thimthriallta bitheolaíocha na gcrann ológ agus staid na haimsire. Mar thoradh air sin, bíonn tréimhsí rósholáthair nó ganntanais ann, rud a chruthaíonn luaineacht láidir praghsanna agus éagobhsaíocht airgeadais do tháirgeoirí.

Dá bhrí sin, mhol comhaltaí comharchumainn an chomhlachais cuid áirithe den mhéid iomarcach ola olóige a stóráil ar feadh tréimhse theoranta. Ba é ab aidhm dó cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir soláthar agus éileamh, rud a d'fhéadfadh tacú le hioncam feirmeoirí. D'fhan rannpháirtíocht sa sásra deonach, agus chinn an Coimisiún go raibh comhaontuithe CAA agus na gcomharchumann a bhí rannpháirteach sa sásra comhoiriúnach le baint amach chuspóirí CBT agus nach raibh eisiamh iomaíochta mar thoradh orthu.

[10] Le haghaidh Thuairim an Choimisiúin: Tuairimí maidir le comhoiriúnacht — an Coimisiún Eorpach.

Ar leithligh, in 2019, rinne Údarás Iomaíochta Náisiúnta (ÚIN) DK imscrúdú ar shraith comhaontuithe idir táirgeoirí uibheacha orgánacha agus ionaid pacála uibheacha arbh é ab aidhm dóibh an táirgeadh a choigeartú don éileamh arna chinneadh ag pacálaithe agus caidreamh soláthair eisiach á choinneáil ar bun eatarthu an tráth céanna. I ndeireadh na dála, bhí sé d'aidhm ag na comhaontuithe praghas níos airde a choinneáil ar bun le haghaidh táirgeoirí uibheacha den sórt sin gan leibhéal sonrach praghsanna a shocrú. Bhreithnigh an ÚIN an bhféadfadh na comhaontuithe coinníollacha Airteagal 209 CEM a chomhlíonadh. Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, níor aimsigh ÚIN aon fhoras chun leanúint leis an imscrúdú agus dhún sé é gan chinneadh in 2020.

Airteagal 149 de CEM

Faoi Airteagal 149 CEM, féadfaidh ET aitheanta nó CET aitheanta conarthaí maidir le seachadadh bainne amh a chomhchaibidliú thar ceann a comhaltaí ar feirmeoirí iad, le haghaidh cuid dá gcomhtháirgeadh nó a gcomhtháirgeadh ar fad.


Thuairiscigh naoi mBallstát[11] seachadtaí bainne amh in 2024 faoi chonarthaí a comhchaibidlíodh i gcomhréir leis an bhforáil sin. Ba é an méid a chaibidligh ETanna aitheanta agus CETanna aitheanta i dteannta a chéile níos mó ná 32,3 milliún tona, a bhí thart ar 22 % d'iomlán na seachadtaí bainne san Aontas in 2024. In CZ, rinneadh 78 % den bhailiú bliantúil bainne a chomhchaibidliú, 48 % in DE agus 49 % in FR.

Ó bhí 2018 ann, tá méadú tagtha ar chéatadán sheachadtaí bainne an Aontais a comhchaibidlíodh faoi Airteagal 149 CEM[12], ó 18,7 % in 2018, go 22,2 % in 2024[13].

[11] BE, BG, CZ, DE, ES, FR, NL, SK, FI.

[12] Is é is cúis leis an méadú ar an gcomhchaibidlíocht an méadú ar an líon ETanna/CETanna agus rath an tsásra féin.


[13] Bunaithe ar fhógra a tugadh do na Ballstáit faoi Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2012 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2012 maidir le fógraí a bhain le heagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe agus caibidlíocht chonarthach agus caidreamh conarthach dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle san earnáil déiríochta, IO L 156, 16.6.2012, lch. 39.



Airteagal 152(1a) de CEM

Déantar foráil in Airteagal 152(1a) maidir le heisiamh follasach ó Airteagal 101(1) CFAE le haghaidh ET aitheanta nó CET aitheanta a dhéanann táirgeadh a phleanáil, costais táirgthe a bharrfheabhsú, táirgí talmhaíochta a chur ar an margadh, agus conarthaí a chaibidliú chun táirgí talmhaíochta a sholáthar thar ceann a chomhaltaí dá dtáirgeacht iomlán nó do chuid dá dtáirgeacht. Chun tairbhiú den eisiamh follasach sin, ní mór d'eagraíochtaí gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú i ndáiríre amhail comhstóráil, dáileadh, comhbhainistiú dramhaíola nó cur chun cinn comhpháirteach. Níl aon oibleagáid réamhfhógra ná fógra *ex post* ar ETanna aitheanta brath ar an bhforáil sin. Glactar leis go mbaineann formhór na n-eagraíochtaí úsáid as an bhforáil sin ina ngníomhaíochtaí ar bhonn féinmheasúnaithe.

In 2024, bhí 2 894 ET aitheanta agus 90 CET aitheanta san Aontas[14]. I roinnt mhaith earnálacha, ní aithnítear ETanna de réir bhrí CEM, cé go gcomhlíonann roinnt mhaith acu na critéir maidir le haitheantas; déanann siad táirgeadh táirgí a gcuid comhaltaí a phleanáil nó na táirgí sin a chur ar an margadh agus déanann siad caibidlíocht ar chonarthaí chun táirgí talmhaíochta a sholáthar thar ceann a gcuid comhaltaí, gan tairbhiú d'eisiaimh ó rialacha iomaíochta[15].



2.2 Comhar ingearach (Airteagail 210 agus 172b CEM)

Airteagal 210 CEM

Luaitear in Airteagal 210 nach bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí ná cleachtais chomhbheartaithe eagraíochta idirchraoibhe aitheanta (EIC) a bhfuil gá leo

[14] Ar bhonn fógraí arna gcur isteach ag na Ballstáit go dtí mí an Mheithimh 2025 de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí, IO L 044, 19.2.2016, lch. 1.

[15] Féach, i ndáil leis sin, an nóta míniúcháin ón gCoimisiún maidir leis an togra ó ETanna neamhaitheanta a d'fhoilsigh an Chomhairle: WK 3897/2025 INIT, pdf, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal Seasamh feirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú a Ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh feirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, COM(2024) 577 final/2.

chun cuspóirí EIC atá liostaithe in Airteagal 157(1), pointe (c) de CEM[16] a bhaint amach agus nach bhfuil ar neamhréir le rialacha an Aontais faoi Airteagal 210(4)[17].

Níl toirmeasc ar chomhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe den sórt sin lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 210 CEM, agus níl gá le haon chinneadh roimh ré lena n-údarófar a gcur i bhfeidhm. Tá cur i bhfeidhm an eisiaimh bunaithe ar fhéinmheasúnú arna dhéanamh ag na heagraíochtaí atá i gceist. Mar sin féin, is féidir tuairim a iarraidh ón gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe le hAirteagal 210[18].Faoi láthair, tá 134 EIC aitheanta san Aontas.

Dhéileáil an Coimisiún le ceithre chás de chomhar ingearach faoi Airteagal 210 ó bhí 2018 ann[19]; bhain trí cinn le táscairí praghais agus bhain ceann amháin le caighdeáin mhargaíochta. I ngach cás, chinn an Coimisiún go bhféadfaí a dhearbhú go raibh na bearta comhoiriúnach le dlí an Aontais, toisc nár chomhlíon siad coinníollacha Airteagal 210(4).

Ar an gcéad dul síos, in 2019, mhol an *Centre national interprofessionnel de l'économie laitière* (CNIEL), ar EIC aitheanta é san earnáil déiríochta,[20] deais mhargaidh a chruthú ina mbeadh 26 tháscaire eacnamaíocha lena gcumhdófaí gnéithe amhail méid, praghas, costas agus corrlaigh bainne agus táirgí bainne ag céimeanna éagsúla den slabhra soláthair, agus faireachlann mhargaidh a dhíreodh ar 6 tháscaire do chostais táirgthe agus costphraghsanna gnáthbhainne, bainne orgánaigh agus bainne sléibhe.

[16] Chomh maith le cuspóirí comhchosúla in earnáil na n-ológ agus san earnáil tobac.

[17] Áirítear ar na coinníollacha sin, i measc coinníollacha eile, easpa socraithe praghsanna nó deighilte margaidh.

[18] Leasaíodh Airteagal 210 CEM i mí na Nollag 2021 le Rialachán (AE) 2021/2117, lenar tugadh isteach athruithe ar an nós imeachta roimhe sin, lena n-áirítear deireadh a chur leis an gcóras a bhí ann roimhe sin chun réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún faoi chomhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe, agus foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht tuairim a iarraidh.

[19] Bhí trí chás eile faoi réir cinneadh ón gCoimisiún roimh 2018. In 2017, chinn an Coimisiún go raibh an iarraidh a chuir an *Comité national interprofessionnel de la Pomme de Terre* (CNIPT) isteach maidir le táscairí praghais le haghaidh prátaí comhoiriúnach le hAirteagal 210 de CEM: 1f9b4fda-8007-4b9b-9c06-56c7956be36a_fr; in 2015, rinne an Coimisiún scrúdú ar fhógra a chuir CNIEL isteach maidir le heangacha íocaíochta bainne agus ní dhearna sé aon agóid: a1002532-be97-43c3-ab5e-7a5c023b754c_en; agus in 2013, rinne an Coimisiún scrúdú ar chomhaontú maidir le táscairí eacnamaíocha le haghaidh bainne agus táirgí bainne a chuir CNIEL isteach agus chinn sé go raibh sé comhoiriúnach le dlí an Aontais: 29301f3c-dd63-48a0-aa42-b60fd5845147_fr.

[20] Le haghaidh Thuairim an Choimisiúin: *9160b4d9-6168-4c10-b6a4-314d7849a58b_en.

Ar an dara dul síos, in 2021, rinne an Coimisiún scrúdú ar bheart a mhol an *Association Interprofessionnelle de la Banane* (AIB), ar EIC aitheanta in earnáil na mbananaí é[21]. Bhí sé d'aidhm ag an mbeart táscaire margaidh a chruthú agus a scaipeadh ag an gcéim mhórdhíola in FR cathrach chun oibreoirí a chur ar an eolas faoi éabhlóid na bpraghsanna ar bhananaí arna ndíol ag mórdhíoltóirí le miondíoltóirí, agus faoi cheannacháin ag oll-lónadóirí, bialanna agus comhlachtaí lárnacha ceannaigh.

Ar an tríú dul síos, sa bhliain chéanna, d'fhéach an Coimisiún ar iarraidh CNIEL táscaire margaidh a chruthú agus a scaipeadh le haghaidh ceithre cháis a bhfuil Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC) acu (Cantal, Auvergne blue, Ambert agus Saint-Nectaire) agus a gcomhtháirgí (im agus púdar meidhg) i réigiún Auvergne FR[22].

I ngach ceann de na trí chás, ba é cuspóir na dtáscairí margaidh feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh trí fhaisnéis fhairsing chuimsitheach a thabhairt d'oibreoirí. Le táscairí a bheidh ar fáil go tráthrialta, laghdófaí neamhshiméadracht faisnéise agus luaineacht praghsanna trí fheabhas a chur ar thuiscint ar an margadh ag gach céim. Chuirfeadh eolas níos fearr ar threochtaí margaidh é ar a gcumas d'oibreoirí feadh an tslabhra soláthair cinntí táirgthe agus infheistíochta níos eolaí a dhéanamh.

Ar deireadh, in 2024 rinne an Coimisiún measúnú ar iarraidh ar thuairim maidir le comhoiriúnacht birt maidir le socrú méide úll de réir meáchain i gcás úlla a tháirgtear agus a bheartaítear a chur ar an margadh in FR[23].

Bhí sé d'aidhm ag an gcomhaontú sa chás seo roinnt príomhchuspóirí a bhaint amach faoi Airteagal 157(1), pointe (c) CEM. Mhéadaigh sé eolas agus trédhearcacht margaidh do chomhaltaí an EIC sin trí shonraí margaidh a chaighdeánú trí aonad tomhais coiteann a úsáid, rud a chuir feabhas ar intuarthacht d'oibreoirí réamhtheachtacha agus a shimpligh caidrimh iartheachtacha. D'éascaigh sé comhordú níos fearr maidir le táirgí a chur ar an margadh trí shocrú méide de réir meáchain a ghlacadh, rud a chuíchóiríonn rialacha margaíochta agus a

[21]Le haghaidh Thuairim an Choimisiúin: agriculture.ec.europa.eu/document/download/cab818ee-c187-4a14-8635-a9fda51a9cc9_en?filename=c-2021-1437-commission-decision_en.pdf.

[22] Le haghaidh Thuairim an Choimisiúin: f033b677-0932-4fee-8b83-85e7a0caa63c_en.

[23] Le haghaidh Thuairim an Choimisiúin: 3e7b4934-d539-41ca-8228-b0a8721b449a_en.

laghdaíonn éiginnteachtaí nó coinbhleachtaí i measc oibreoirí. Rinneadh foráil leis freisin maidir le raonta méide ina bhfuil 'forluí', rud a chuir é ar a gcumas d'oibreoirí an deighleog díolacháin inar mian leo a dtáirgí a shuíomh a roghnú, de réir ceanglais éilimh. Leis an gcur chuige sin, bhíothas in ann deireadh a chur le héiginnteachtaí agus díolacháin a bharrfheabhsú. Thacaigh sé freisin le feabhsú cáilíochta ar fud an táirgthe agus na margaíochta trí rioscaí a laghdú amhail brú trí shocrú méide de réir meáchain, agus an tráth céanna ligean d'oibreoirí dlús táirgí agus méid siúcra a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil na táirgí a chuirtear ar an margadh aibí. Chuidigh an comhaontú le dramhaíl a laghdú agus a bhainistiú trí láimhseáil a theorannú le linn ceannaigh, rud a laghdaigh meathlú agus caillteanais táirgí agus ionchais tomhaltóirí á gcomhlíonadh an tráth céanna.

Airteagal 172b CEM

Faoi Airteagal 172b, féadfaidh EICanna aitheanta atá ag feidhmiú in earnáil an fhíona táscairí treorach praghais nach bhfuil sainordaitheach a sholáthar maidir le fíniúnacha coiteanna a dhíol chun fíonta ATFC nó fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) acu a tháirgeadh, ar choinníoll nach gcuireann treoir den sórt sin deireadh le hiomaíocht i gcás cion substaintiúil de na táirgí atá i gceist.

Faoin bhforáil sin, níl aon oibleagáid ann fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta sin, agus go bhfios don Choimisiún, níor cuireadh an fhoráil sin chun feidhme go dtí seo.

2.3 Comhaontuithe inbhuanaitheachta (Airteagal 210a CEM)

Le Rialachán (AE) 2021/2117[24], tugadh isteach foráil nua in CEM (Airteagal 210a) chun comhaontuithe idir táirgeoirí nó idir táirgeoirí agus oibreoirí eile i slabhra an tsoláthair agraibhia (ar leibhéal na próiseála nó an dáileacháin mar shampla) a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE, ar comhaontuithe iad arb é is aidhm dóibh caighdeán

[24] Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, IO L 435, 6.12.2021, lch. 262.

inbhuanaitheachta a bhaint amach atá níos airde ná an caighdeán a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Tháinig sé i bhfeidhm i mí na Nollag 2021.

Chun tairbhiú den eisiamh sin, ní mór d'oibreoirí féachaint le caighdeáin níos airde a bhaint amach arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis an méid seo a leanas: (i) cosaint an chomhshaoil; (ii) laghdú ar úsáid lotnaidicídí nó an chontúirt a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha; nó (iii) sláinte ainmhithe agus leas na n-ainmhithe. Sna cásanna sin, ceadaítear d'oibreoirí comhaontuithe a thabhairt i gcrích a thiocfadh faoi réim raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE murach sin, ar choinníoll go bhfuil aon srian iomaíochta a chomhaontaíonn siad fíor-riachtanach chun na caighdeáin inbhuanaitheachta atá á lorg a bhaint amach.

I mí na Nollag 2023, ghlac an Coimisiún treoirlínte maidir leis na coinníollacha chun Airteagal 210a a chur i bhfeidhm[25]. Soláthraíonn siad sin treoir mhionsonraithe maidir le conas an t-eisiamh a léirmhíniú chomh maith le samplaí iomadúla de chomhaontuithe féideartha a thiocfadh faoi réim a raon feidhme.

Ní thoirmisctear comhaontuithe, cinntí ná cleachtais chomhbheartaithe lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 210a, agus ní gá aon chinneadh a dhéanamh roimh ré chuige sin. Tá cur i bhfeidhm an eisiaimh bunaithe ar fhéinmheasúnú. Féadfaidh táirgeoirí, áfach, tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe le hAirteagal 210a.

D'eisigh an Coimisiún a chéad tuairim faoi Airteagal 210a i mí Iúil 2025 maidir le comhaontú inbhuanaitheachta in earnáil fíona na Fraince[26]. Is é is aidhm don chomhaontú an leibhéal inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair a baineadh amach in earnáil an fhíona in Occitanie a choinneáil ar bun trí chaighdeáin orgánacha ardluacha comhshaoil ((*haute valeur environnementale*) HVE) a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs géarchéime a dhéanann difear do mhargadh fíona na Fraince, tá riosca ann go n-aistreoidh táirgeoirí na bhfíonta níos inbhuanaithe

[25] Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le táirgeoirí talmhaíochta a eisiamh ó Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta de bhun Airteagal 210a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, IO C 1446, 8.12.2023.

[26] Le haghaidh Thuairim an Choimisiúin: 86f5a339-ee2d-430f-8e29-5fb56770ba14_en.

sin chuig táirgeadh gnáthfhíona atá níos tarraingtí ó thaobh an gheilleagair de nó go n-imeoidh siad ón margadh, tríd an gclár náisiúnta stoite ó fhréamh mar shampla. Chun an riosca sin a theorannú, socraítear leis an gcomhaontú praghas treoraíochta nach bhfuil sainordaitheach chun fíon ar an mórchóir a cheannach ar leibhéal lena gcumhdaítear costais agus corrlach suas le 20 %. Chinn an Coimisiún go raibh an comhaontú comhoiriúnach le hAirteagal 210a.

2.4 Bearta géarchéime (Airteagal 222 CEM)

Le linn tréimhsí ina bhfuil míchothromaíochtaí tromchúiseacha sna margaí, ceadaítear don Choimisiún le hAirteagal 222 gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh sa chaoi nach bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le cineálacha sonracha comhaontuithe agus cinntí feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí, ETanna aitheanta, CETanna aitheanta agus EICanna, ar choinníoll nach mbainfidh na comhaontuithe agus na cinntí sin an bonn d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus go mbeidh sé d'aidhm dhocht acu an earnáil lena mbaineann a chobhsú.

An 22 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún tuarascáil ar leithligh[27] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le bearta géarchéime a úsáid, lena n-áirítear na bearta sin a glacadh faoi Airteagal 222, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh 2023.

Níor glacadh aon bheart eile faoi Airteagal 222 ón tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil sin.

2.5 An soláthar a choigeartú (Airteagail 166a-167-167a CEM)

Airteagal 166a CEM

Le hAirteagal 166a ceadaítear do ET aitheanta, do EIC aitheanta nó do ghrúpa táirgeoirí a bhaineann le tásc geografach a iarraidh ar Bhallstát rialacha ceangailteacha maidir le rialáil soláthair a leagan síos le haghaidh táirgí ATFC/TGFC. Cuirtear an tAirteagal seo a tugadh isteach in 2021 in ionad forálacha a bhí ann roimhe seo maidir le cáis (Airteagal 150) agus liamhás

[27] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le húsáid beart géarchéime arna nglacadh de bhun Airteagail 219 go 222 de Rialachán CEM, COM(2024) 12 final.

(Airteagal 172) agus tá feidhm aige maidir le gach táirge talmhaíochta a thairbhíonn de thásca geografacha.

Sa tréimhse a bhaineann leis an tuarascáil seo, tugadh fógra don Choimisiún faoi roinnt cásanna faoi na forálacha roimh 2021, nó faoi na forálacha nua, in earnáil na déiríochta, lenar cumhdaíodh ATFC nó TGFC Asiago, Grana Padano agus Parmigiano Reggiano in IT agus Reblochon, Gruyère, Raclette de Savoie, Tomme de Savoie, Emmental de Savoie, Abondance, Beaufort agus Comté in FR[28].

Cuireadh rialacha i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh breisluach táirgí ardcháilíochta a bhfuil ATFC nó TGFC acu a áirithiú le haghaidh dhá tháirge feola (liamhás), Prosciutto di Parma (ón 28 Nollaig 2017 go dtí Nollaig 2020)[29], agus Prosciutto di San Daniele (ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023)[30]. Cuireadh síneadh ama leis na rialacha maidir leis an dá tháirge go dtí 2026[31].

Is é príomhchuspóir na mbeart soláthar na dtáirgí ATFC/TGFC lena mbaineann a oiriúnú don éileamh. Trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar fhorbairtí táirgthe agus margaidh agus trí na méideanna táirgeachta a choigeartú, is é an sprioc míchothromaíochtaí móra idir soláthar agus éileamh a chosc, rud a mbeidh luaineachtaí agus iarmhairtí tromchúiseacha don slabhra soláthair ina iomláine mar thoradh air. Féachann na bearta freisin le táirgeadh breisluacha a chur chun cinn agus lena áirithiú go dtugtar luach saothair cothrom do tháirgeoirí. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an táirge ar fáil ar an margadh.

[28] Le haghaidh Áisego: *NOTIFICA PIANO REGOLAZIONE OFFERTA FORMAGGIO ASIAGO DOP*, le haghaidh Grana Padano: *Notifica piano regolazione offerta formaggio grana padano DOP*, le haghaidh Parmigiano Reggiano: *Bainistíocht soláthair Parmigiano Reggiano*, le haghaidh Reblochon, Gruyère, Raclette de Savoie, Tomme de Savoie, Emmental de Savoie, Abondance, Beaufort agus Comté: e8eac044-1136-4a7d-bdfb-95ecc89eb42a_en.

[29] Masaf - *Decreto 28 dicembre 2017*.

[30] Masaf - *Decreto approvazione del piano di regolazione dell'offerta del prosciutto San Daniele DOP* - 2021-2023

[31] https://www.prosciuttodiparma.com/wp-content/uploads/2024/01/Piano-di-Regolazione-dellOfferta-2024-2026-29-gennaio.pdf, https://www.regione.fvg.it/rafvg/export/sites/default/RAFVG/economia-imprese/agricoltura-foreste/FOGLIA32/allegati/Piano_Regolazione_Offerta_2024-2026_REV_01.pdf

Airteagal 167 CEM

De bhun Airteagal 167, féadfaidh na Ballstáit is táirgeoirí, faoi choinníollacha áirithe, rialacha margaíochta a leagan síos chun an soláthar a rialáil, go háirithe trí chinntí ó EICanna aitheanta, chun feabhas a chur ar fheidhmiú an chómhargaidh fíona agus é a chobhsú.

In 2020, thug ES fógra faoi bheart[32] lena leagtar amach riail ghinearálta lena dteorannaítear an uastáirgeacht buainte i ndáileachtaí talún atá tiomnaithe do tháirgeadh fíona lasmuigh de raon feidhme ATFC nó TGFC[33] (18 000 kg/ha le haghaidh fíon dearg agus 20 000 kg/ha le haghaidh fíon geal) agus lena sainítear úsáidí féideartha na bhfíniúnacha coiteanna ó dháileachtaí talún níos mó. Tugadh na rialacha sin isteach in 2020 mar fhorálacha breise i bhForaithne na Spáinne ó 2014 lena gcuirtear Airteagal 167[34] chun feidhme i dtéarmaí ginearálta.

Thug FR fógra faoi roinnt rialacha margaíochta a glacadh le linn na tréimhse lena mbaineann chun stoic chúltaca a dhéanamh ag a bhfuil sciar de na bunfhíonta a tháirgtear in Champagne[35], Languedoc[36] (2020) agus Cognac[37] (2019).

Airteagal 167a CEM

Le Rialachán (AE) 2020/2220[38], tugadh Airteagal 167a isteach in CEM ionas go bhféadfadh na Ballstáit ar táirgeoirí iad rialacha margaíochta a leagan síos arb é is aidhm dóibh an soláthar a

[32] *Real Decreto 557/2020, de 9 de junio*.

[33] Leagtar síos ina sonraíochtaí táirge uastáirgeacht fíonta atá faoi chosaint ag ainmniúchán tionscnaimh nó ag tásc geografach.

[34] *Real Decreto 774/2014, de 12 de septiembre*

[35] *Arrêté du 18/10/2017*, *Arrêté du 03/10/18*, *Arrêté du 9/12/19*, *Arrêté du 13/03/20*

[36] *Arrêté du 11/02/20*

[37] *Arrêté du 25/11/2019*

[38] Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le dáileadh tacaíochta den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022, IO L 437, 28.12.2020, lch. 1.

rialáil chun feabhas a chur ar fheidhmiú an chómhargaidh in olaí olóige agus é a chobhsú. Níor thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh a glacadh faoin Airteagal seo.

3. Imscrúduithe arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag údaráis iomaíochta náisiúnta (ÚINanna) in earnáil na talmhaíochta

Sa tréimhse ó mhí Iúil 2017 go mí Iúil 2025, thug údaráis iomaíochta (ÚInna) san Aontas[39] thart ar 110 n-imscrúdú in earnáil na talmhaíochta i gcrích, agus tá 20 imscrúdú fós ar siúl, rud a fhágann go bhfuil 130 imscrúdú san iomlán i gceist. Rinne na ÚInna an líon is airde imscrúduithe in EL (27 gcás), agus ina dhiaidh sin an Coimisiún (12 chás) agus FR (12 chás), DK (11 chás) agus AT (10 gcás).

3.1 Na príomhchatagóirí/earnáil táirgí a ndearnadh imscrúdú orthu

Cumhdaíonn imscrúduithe ÚInna raon leathan táirgí talmhaíochta, ach rinneadh imscrúdú ar na catagóirí táirgí seo a leanas níos minice: bainne agus táirgí déiríochta (25 %), torthaí agus glasraí (19 %), feoil (13 %) agus uibheacha (6 %). Rinneadh roinnt imscrúduithe freisin sna catagóirí siúcra (5 %), gránach (5 %) agus síolta (4 %).

3.2 Eintitis atá faoi réir imscrúdaithe

Is iad na heintitis atá faoi réir imscrúduithe arna ndéanamh ag ÚInna monaróirí[40] (36 %), comhlachais táirgeoirí talmhaíochta (14 %), mórdhíoltóirí (12 %), ETanna (9 %), táirgeoirí talmhaíochta aonair (9 %), miondíoltóirí (8 %) agus eintitis éagsúla eile, lena n-áirítear comhlachtaí trádála, EICanna agus comhlachais onnmhaireoirí (13 %).

Is iad na monaróirí na heintitis is minice a ndéantar ionadaíocht orthu sna himscrúduithe. Mar shampla, rinne ÚIN na Fraince imscrúdú, agus d'eisigh sé cinneadh, maidir le comhordú i measc mórmhonaróirí bia maidir leis an bpraghas a íoctar sa mhargadh réamhtheachtach as gearrthacha muiceola trua gan chnámh a cheannach (go príomha *jambon supérieur maigre* nó JSM, a

[39] Cumhdaíonn 'údaráis iomaíochta' an Coimisiún agus ÚINanna araon.

[40] Le haghaidh na tuarascála seo, tagraíonn monaróirí d'eintitis a tháirgeann bia trí chomhábhar amháin nó níos mó a phróiseáil (cibé acu is táirgí talmhaíochta iad na comhábhair sin nó nach ea). Áirítear leis sin próiseálaithe (rud a chiallaíonn eintitis a phróiseálann táirge talmhaíochta amháin nó níos mó ina dtáirgí eile).

úsáidtear le haghaidh liamhása cócaráilte) ó sheamlais agus maidir leis an bpraghas díola sa mhargadh iartheachtach as táirgí feola fuaire amh/tirim agus cócaráilte (amhail ispíní, salámaí tirim, róiséid, pâtés, rillettes, liamhása cócaráilte) a dhíol le miondíoltóirí móra faoi lipéid phríobháideacha nó faoi raonta barainne.

3.3 Is iad feirmeoirí an fhoinse imscrúduithe is mó

Chuir ÚInna tús le formhór na n-imscrúduithe ar a dtionscnamh féin (trí nósanna imeachta *ex officio*) tar éis dóibh teacht ar an eolas faoi chleachtais fhrithiomaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann trí fhaisnéis faoin margadh. Ina theannta sin, chuir siad tús le himscrúduithe tar éis gearán (ó sholáthróirí, ó iomaitheoirí nó ó chustaiméirí).

Bhí na gearánaigh ilchineálach agus áiríodh iontu go bunúsach: táirgeoirí talmhaíochta (24 %), monaróirí (21 %), miondíoltóirí (16 %), comhlachais táirgeoirí talmhaíochta (13 %), ETanna (11 %), daoine aonair (11 %) agus mórdhíoltóirí (4 %).

Léiríonn na sonraí gurb iad táirgeoirí talmhaíochta amháin nó i gcomhpháirtíocht (ETanna agus CETanna) an fhoinse gearán is tábhachtaí, a dhéanann thart ar leath de na gearáin, agus ar deireadh an fhoinse is mó d'imscrúduithe in aghaidh trustaí (lena n-áirítear faisnéis mhargaidh a sholáthraíonn siad do ÚInna). Uaireanta, áfach, cuireann táirgeoirí talmhaíochta a ngearáin ar fáil go poiblí nuair a chuireann siad faoi bhráid ÚInna iad, rud a bhaineann an bonn den seans gur féidir leis na ÚInna fianaise a bhailiú maidir le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

3.4 Torthaí na n-imscrúduithe

Maidir leis na 110 n-imscrúdú in aghaidh trustaí san earnáil talmhaíochta a dúnadh le linn na tréimhse atá i gceist, bhí na trí chineál éagsúla torthaí seo a leanas acu.

a) Cinntí maidir le sárú lena ngabhann fíneálacha (thart ar an gceathrú cuid de na cásanna a tugadh i gcrích), i.e. d'éiligh na ÚInna ar eintiteas stad a chur leis an sárú agus pionós airgid a íoc;
b) Cinntí gealltanais (6 chás), i.e. níor tháinig na ÚInna ar chonclúid maidir le cé acu a bhí nó nach raibh sárú ann agus ghlac siad cinneadh lena ndearnadh gealltanais a thairg an t-eintiteas atá faoi imscrúdú ceangailteach ó thaobh dlí de, rud a chuir deireadh le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hiomaíocht.

c) Clabhsúir gan sárú (thart ar leath de na cásanna a tugadh i gcrích), i.e. clabhsúr na n-imeachtaí ag na ÚInna le linn réamhchéim den imscrúdú mar gheall ar easpa fianaise. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin toisc go mbeadh gá le hiarrachtaí díréireacha chun an dualgas cruthúnais is gá a chomhlíonadh nó mar gheall ar an ngá atá le tosaíochtaí a shocrú.

Cé nach bhfuil cinneadh foirmiúil ag deireadh fhormhór na n-imscrúduithe, is féidir leo a bheith tábhachtach mar sin féin ar roinnt bealaí. Ar an gcéad dul síos, soiléirítear le roinnt imscrúduithe go bhfuil gearáin nó ábhair imní i slabhra an tsoláthair bia gan bhunús. Mar shampla, tar éis tuairiscí preasa le linn thréimhse chriticiúil ráig phaindéim COVID-19, rinne ÚIN na Gréige imscrúdú ar ábhair imní go bhféadfadh ganntanais agus/nó méaduithe ar phraghas táirgí talmhaíochta agus bia áirithe a bheith mar thoradh ar chleachtais fhrithiomaíocha. Chinn ÚIN nach raibh aon mhéadú mór ar phraghsanna airmheánacha bainne bháin agus seimilín plúir i sraitheanna ollmhargaí le linn phaindéim COVID-19. D'fhéadfadh sé gur tarraingíodh na hábhair imní anuas mar gheall ar roinnt praghsanna sonracha nach raibh ionadaíoch ar an staid sa staid náisiúnta ina hiomláine.

I roinnt cásanna eile, chuir idirghabháil na ÚInna cosc ar shárú, mar a tharla i gcás na gcomhaontuithe caomhnaitheacha a dtugtar tuairisc orthu i Roinn 3.5.5.

3.5 Cineálacha sáruithe a imscrúdaíodh agus a cinneadh

Is féidir na príomhchineálacha sáruithe a bhraitheann na ÚInna a aicmiú mar a leanas: comhaontuithe cothrománacha (maidir le srianta ar phraghsanna agus ar mhéid) (32 %), comhaontuithe idir díoltóir agus ceannaitheoir chun praghsanna athdhíola an cheannaitheora a shocrú[41] (16 %), comhaontuithe maidir le leithdháileadh custaiméirí (13 %), camastaíl tairiscintí (comhordú ag roinnt díoltóirí dá dtairiscintí) (12 %), comhaontuithe maidir le páirtiú i margadh (8 %), malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de (6 %), mí-úsáid ceannasachta, lena mbaineann straitéisí chun iomaitheoirí a fhoriamh, amhail praghas creiche, lacáistí eisiatacha, praghsanna iomarcacha agus éagóracha (6 %). I roinnt de na cásanna sin, chinn na ÚInna go

[41] Cleachtas dá ngairtear 'cothabháil praghsanna athdhíola' freisin.

raibh roinnt sáruithe ann an tráth céanna. Tugtar samplaí de na cineálacha sáruithe sin sna míreanna seo a leanas.

3.5.1 Comhaontuithe maidir le praghsanna agus/nó cainníochtaí

Ba iad comhaontuithe maidir le praghsanna na comhaontuithe ba mhinice. Bhí comhaontuithe ann maidir le praghsanna agus cainníochtaí idir ceannaitheoirí, rud a chuaigh chun dochair d'fheirmeoirí. Mar shampla, i mí Iúil 2019, ghearr ÚIN na Spáinne fíneáil ar dheich gcinn de na cuideachtaí agus comhlachais déiríochta is mó sa Spáinn agus go hidirnáisiúnta atá ag feidhmiú in ES as cairtéal bainne a tharla idir 2000 agus 2013[42]. Rinne na hoibreoirí faisnéis a mhalartú maidir le praghsanna ceannaigh bainne bó amh, méideanna ceannaigh agus barrachais bainne. Leis an iompar sin, baineadh an ceart d'fheirmeoirí déiríochta praghas a mbainne a chaibidliú gan bhac, rud a lagaigh a seasamh margála sa mhargadh a thuilleadh. Ar an gcuma chéanna, rinne ÚIN na Polainne imscrúdú ar 5 cheannaitheoir[43] torthaí boga (cuiríní, silíní agus plumaí i measc torthaí eile) a shocraigh praghsanna ceannaigh na dtorthaí a bhí á gceannach acu ó fheirmeoirí torthaí áitiúla[44].

Bhí comhaontuithe ann freisin maidir le praghsanna idir monaróirí. Mar shampla, ghearr an Coimisiún fíneáil ar chleachtais socraithe praghsanna agus páirtithe i margadh idir 2000 agus 2013 idir mórtháirgeoirí Eorpacha glasraí stánaithe[45]. I measc na nglasraí stánaithe bhí pónairí, piseanna, meascáin piseanna agus mealbhacáin, agus macédoine glasraí (seachas grán buí agus muisiriúin), a dhíoltar i stáin nó i gcrúscaí faoi lipéid phríobháideacha go príomha le miondíoltóirí agus le tionscal na seirbhíse bia ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Cuideachta chorparáideach amháin agus dhá chomharchumann talmhaíochta a bhí sna monaróirí.

[42] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an phreaseisiúint *plantilla nota de prensa*.

[43] Damex, Kam-Pol, Fructis, Kalbrok agus Silver-Trans.

[44] Ghlac ÚIN na Polainne an cinneadh lenar gearradh fíneáil ar na ceannaitheoirí torthaí boga sin i mí an Mhárta 2026; https://uokik.gov.pl/zmowa-przy-skupie-owocow-prezes-uokik-naklada-kary

[45] IP_19_5911_EN.pdf

Bhain cásanna eile le hinnéacsanna praghsanna a shocrú. Mar shampla, in 2018, ghearr ÚIN na Fraince fíneáil[46] EUR 20 000 ar chomhlacht na saothróirí fíniúna le haghaidh réigiún Côtes du Rhône (*Syndicat général des vignerons réunis des Côtes du Rhône* – SGVRCR) as cleachtais fhrithiomaíocha i margú bhulcfhíonta Côtes du Rhône AOC[47]. Bhí an comhlacht trádála, eagraíocht ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar dhéantóirí fíona, i mbun socrú praghsanna trí threoracha maidir le praghsanna íosta agus moltaí maidir le praghsanna ina dhiaidh sin a bhunú agus a scaipeadh ar a chomhaltaí ó 2010 go 2017, lenar cumhdaíodh catagóirí éagsúla fíona de réir datha agus raon cáilíochta. Spreag na gníomhaíochtaí sin, a cuireadh chun cinn trí fhoilseacháin, nuachtlitreacha agus cruinnithe, praghsáil aonfhoirmeach i gcaibidlíochtaí díolacháin, rud a shaobh an iomaíocht gan aird a thabhairt ar chostais táirgthe aonair.

Ar deireadh, in 2021, tháinig ÚIN na Rómáine ar chomhaontuithe cothrománacha frithiomaíocha i measc táirgeoirí uibheacha (cúig tháirgeoir agus comhlachas táirgeoirí)[48] arbh é ab aidhm dóibh soláthar uibheacha i margadh na Rómáine a rialú agus/nó a theorannú, lena n-áirítear gnéithe a d'fhágfadh nach mbeadh an margadh náisiúnta chomh tarraingteach céanna d'allmhairí uibheacha. Ba é an cuspóir deiridh a bhí leis an soláthar intíre a rialú agus/nó a theorannú ná laghduithe ar phraghsanna uibheacha a chosc.

3.5.2 Comhaontuithe chun praghsanna athdhíola a shocrú

Is iondúil go mbíonn monaróir agus miondíoltóir nó mórdhíoltóir amháin nó níos mó i gceist le comhaontuithe chun praghsanna athdhíola a shocrú. Mar shampla, in 2018, san earnáil táirgthe agus díola margairín agus ime, ghearr ÚIN na Gréige fíneáil ar Minerva S.A. toisc gur aontaigh sé le roinnt mórdhíoltóirí/dáileoirí cleamhnaithe na praghsanna ar a n-athdhíolfadh an dara grúpa táirgí Minerva[49].

3.5.3 Leithdháileadh margaí

---

[46] Cinneadh Uimh. 18-D-06 an 23 Bealtaine 2018 arna eisiúint in earnáil an fhíona.

[47] *Appellation d'Origine Contrôlée*

[48] Decizia-oua-site.pdf

[49] ioei_tm_i_i_o_i_i_i_.pdf

In 2023, chinn ÚIN na hÍsiltíre gur leithdháil ceithre sholáthróir cairéad amh díolacháin le custaiméirí tionsclaíocha eatarthu féin (monaróirí bia stánaithe agus reoite) in NL, BE agus DE. D'aontaigh na soláthróirí eatarthu féin freisin roinnt tras-soláthairtí agus cúiteamh.

3.5.4 Camastaíl tairiscintí

Is iondúil go raibh comhordú idir roinnt díoltóirí maidir leis na tairiscintí a chuireann siad isteach i dtairiscint arna heagrú ag ceannaitheoir i gceist le camastaíl tairiscintí. Mar shampla, i gcinneadh 2022, chinn ÚIN na Cróite gur chomhordaigh ceathrar mórdhíoltóirí a dtairiscintí lenar cumhdaíodh 14 ghrúpa de tháirgí bia i dtairiscint a d'eagraigh institiúid cúraim shóisialta (*Dobri dom*) a sholáthair seirbhísí cistine anraith in Ságrab. Tríd an gcleachtas sin, d'ainmnigh na mórdhíoltóirí tairgeoirí buacacha le haghaidh na luchtóg éagsúil a bhí faoi sholáthar, rud a d'ardaigh praghsanna ar tháirgí bia fíor-riachtanacha ar deireadh le haghaidh saoránaigh a bhí i staid eacnamaíoch dheacair[50]. In 2018 freisin, chinn ÚIN na Gréige gur chomhordaigh comharchumann (Campina Hellas na Freaslainne) agus cuideachta (Mandrekas) a dtairiscintí i dtairiscintí soláthair phoiblí le haghaidh táirgí déiríochta trí staonadh ó pháirt a ghlacadh i dtairiscintí poiblí go comhuaineach[51]. Chinn ÚIN na Sualainne an comhordú tairisceana freisin le haghaidh táirgí déiríochta i gcás a bhain le ARLA Foods AB[52] in 2020.

3.5.5 Comhaontuithe maidir le leithdháileadh geografach an mhargaidh, comhaontuithe caomhnaitheacha

Ba é an cineál leithdháilte margaidh gheografaigh ba choitianta na 'comhaontuithe caomhnaitheacha' mar a ghairtear díobh. Tugadh na comhaontuithe sin i gcrích idir miondíoltóirí amháin nó idir oibreoirí ag céimeanna éagsúla den slabhra soláthair, chun tús áite a thabhairt do tháirgí óna mBallstáit féin. Thionscain an Coimisiún, in éineacht le ÚINanna, roinnt imscrúduithe ar 'cairteacha' éagsúla agus ar thionscnaimh cur chun cinn chomhchosúla in BE, BG, FR, LV.

[50] Braitheann ÚIN na Cróite an chéad chairtéal camastaíola tairiscintí sa soláthar poiblí - AZTN. https://www.aztn.hr/ea/wp-content/uploads//2022/06/UPI-034-0317-01021-.pdf.

[51] Δελτίο Τύπου - Διευθέτηση υπόθεσης

[52] Déanann Údarás Iomaíochta na Sualainne caingean dlí a thionscnamh in aghaidh Arla Foods mar gheall ar chomhar neamhdhleathach | Údarás Iomaíochta na Sualainne; Ní dheonaítear trócaire do Arla Foods i gcás maidir le comhar neamhdhleathach | Údarás Iomaíochta na Sualainne.

Bhí na tionscnaimh sin ag céim an-luath agus mar thoradh ar idirghabháil na ÚInna leasaíodh iad chun idirdhealú in aghaidh táirgí ó Bhallstáit eile a eisiamh agus, dá bhrí sin, ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a eisiamh.

Ina theannta sin, bhí roinnt cásanna leithdháilte réigiún díola geografacha ann: in 2023, arna iarraidh sin do ÚIN na hOstaire, d'eisigh Cúirt na hOstaire is inniúil maidir le cairtéil cinneadh inar cinneadh gur sháraigh dhá tháirgeoir siúcra, *Südzucker AG* agus *Nordzucker AG*, Airteagal 101 CFAE trí chleachtais chomhbheartaithe i margadh thionsclaíoch an tsiúcra, go sonrach trí chomhaontú eatarthu chun réigiúin díola gheografacha ar leithligh a choinneáil ar bun (in AT agus DE faoi seach), rud a chuir srian ar iomaíocht agus a rinne difear do thrádáil trasteorann[53].

3.5.6 Mí-úsáid ceannasachta

Bhain imscrúduithe go háirithe leis an gcaidreamh idir feirmeacha agus comharchumainn, agus le saoirse feirmeoirí an comharchumann ar mian leo a bheith ina gcomhaltaí de a roghnú. Mar shampla, mar thoradh ar imscrúdú[54] a rinne ÚIN na Gearmáine, in 2018, d'athraigh an comharchumann déiríochta is mó sa Ghearmáin, *Deutsche Milchkontor* (DMK) a choinníollacha soláthair agus laghdaigh sé a thréimhse fógra foirceanta maidir le seachadadh bainne ó 24 mhí go 12 mhí, rud a chuir níos mó roghanna ar fáil d'fheirmeoirí chun a gcomharchumann a roghnú agus a gcoinníollacha soláthair a roghnú.

Bhain cásanna eile mí-úsáide ceannasachta le praghsanna iomarcacha a fhorchur. In 2022, chinn ÚIN na Cipire gur bhain Eagraíocht Phainchipireach na bhFeirmeoirí Eallaigh mí-úsáid as a cheannasacht trí phraghsáil iomarcach a fhorchur ar an gcéad chéim eile den mhargadh (tionscail déiríochta).

[53] Gearrann an Chúirt is inniúil maidir le cairtéil fíneáil EUR 4,2 milliún ar Südzucker AG arna iarraidh sin do AFCA; is cinneadh críochnaitheach é: BWB Bundeswettbewerbsbehörde

[54] Bundeskartellamt – Leathanach baile – Scoradh na himeachtaí in aghaidh dhéiríocht DMK

4. Comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanann ÚINanna in earnáil na talmhaíochta

Sholáthair ÚINanna comhairle freisin maidir le rialacha iomaíochta a chur i bhfeidhm arna iarraidh sin d'oibreoirí in earnáil na talmhaíochta. Sa tréimhse lena mbaineann, fuair ÚINanna 53 iarraidh den sórt sin maidir le hearnáil na talmhaíochta.

Baineann gníomhaíochtaí faireacháin le cuid mhór d'obair na ÚINanna freisin. Sa tréimhse lena mbaineann, rinne ÚINanna 22 fhiosrúchán earnála ar chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta maidir le hearnáil na talmhaíochta. D'áirítí le hobair den sórt sin de ghnáth imscrúduithe earnáilsonracha, glacadh tuarascálacha agus obair abhcóideachta.

Go háirithe, rinne na ÚINanna roinnt comhairliúchán maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta. Seo a leanas roinnt samplaí.

- D'fhreagair ÚIN na Gearmáine seacht n-iarraidh ar chomhairliúchán maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear comhairliúchán leanúnach in earnáil na feola trí Thionscnamh Tierwohl[55] (i gcás inar chinn na páirtithe, mar gheall ar ábhair imní a chuir ÚIN na Gearmáine in iúl, deireadh a chur ó 2024 ar aghaidh le préimh éigeantach is iníoctha ag ceannaitheoirí le feirmeoirí rannpháirteacha, dá ngairtear formhuirear leasa ainmhithe freisin), agus ceithre chomhairliúchán dhúnta ar na hearnálacha cacó, plandaí, bananaí agus déiríochta.

- D'fhreagair ÚIN na Fraince dhá iarraidh ar threoir neamhfhoirmiúil: i) ceann amháin arna iarraidh ag dhá chomhlacht trádála (*Coopération Agricole Nutrition Animale agus Syndicat National de l'Industrie de la Nutrition Animale*) maidir le dréacht-treoir mhodheolaíoch arb é is aidhm di lorg comhshaoil comhbhianna a ríomh, agus go sonrach a lorg gáis ceaptha teasa[56]; agus ii) ceann eile a d'iarr an comhlachas *Pour une*

[55] Is tionscadal é Tionscnamh Tierwohl atá bunaithe ar chomhaontú idir na hearnálacha miondíola talmhaíochta, táirgthe feola agus bia, arb é is aidhm dó luach saothair a thabhairt d'úinéirí beostoic as feabhas a chur ar na dálaí ina gcoimeádtar ainmhithe.

[56] Treoir neamhfhoirmiúil 25-DD-01 an 29 Eanáir 2025 maidir le córas a chruthú chun na costais agus rioscaí breise a bhaineann leis an aistriú agra-éiceolaíoch a mhaoiniú go comhchoiteann.

Agriculture du Vivant maidir le tionscadal arb é is aidhm dó cuidiú le feirmeoirí ar chríoch na Fraince trína n-aistriú i dtreo cleachtais atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a mhaoiniú agus a áirithiú[57] (lena n-áireofaí cur i bhfeidhm Airteagal 210a CEM).

- D'fhreagair ÚIN na hÍsiltíre dhá chomhairliúchán: i) ceann a d'iarr *Stitchting Milieukeur*, an eagraíocht a fhorbraíonn agus a bhainistíonn critéir mharcanna cáilíochta na hÍsiltíre le haghaidh barra curaíochta, torthaí agus glasraí, bainne, uibheacha, plandaí ornáideacha (bláthanna, plandaí, crainn, bleibeanna bláthanna, etc.) agus táirgí bia ullmhaithe agus próiseáilte, is é sin le haghaidh comhaontú maidir le prátaí, glasraí agus torthaí neamhphróiseáilte; agus ii) ceann eile a d'iarr *Tuinbranche Nederland*, comhlachas gnóthas a oibríonn in earnáil na mbláthanna.

5. Barúlacha críochnaitheacha

Tá iomaíocht fhónta in earnáil na talmhaíochta ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Chonartha maidir le CBT. Glacadh roinnt eisiamh ó rialacha iomaíochta in earnáil na talmhaíochta, arb é is aidhm dóibh go príomha seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair agraibhia a neartú agus a athchothromú. Tá sé fíor-riachtanach go mbainfidh feirmeoirí úsáid réamhghníomhach as na sásraí atá ar fáil agus go mbainfidh siad leas as na tairbhí a bhaineann leo. Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe fós sna creataí sin, ar gá aird níos mó a thabhairt orthu. Go háirithe, cuireann eisiaimh iomaíochta creat ar fáil chun táirgeadh agus soláthar táirgí ag feirmeacha a eagrú trí ETanna agus CETanna. Ní hamháin go dtairbhíonn eagraíochtaí den sórt sin den eisiamh is gá ó rialacha iomaíochta, faigheann siad tacaíocht airgeadais faoi CBT freisin. Ina theannta sin, cuireann siad uirlisí struchtúracha ar fáil lena gcuirtear é ar a gcumas d'fheirmeoirí páirt níos cothroime a ghlacadh sa chaidreamh tráchtála lena soláthróirí agus lena gceannaitheoirí agus rioscaí, infheistíochtaí agus dúshláin a bhainistiú. An tráth céanna, d'fhág forfheidhmiú ag ÚInna gur féidir cleachtais atá díobhálach d'fheirmeoirí ar thaobh an díola nó ar thaobh an cheannaigh a stad agus a chosc. Tá forbairt ag teacht i gcónaí ar eisiaimh ó rialacha iomaíochta, agus treoshuíomh margaidh CBT á choimeád an tráth céanna.

[57] Treoir neamhfhoirmiúil 25-DD-01 an 29 Eanáir 2025 maidir le córas a chruthú chun na costais agus rioscaí breise a bhaineann leis an aistriú agra-éiceolaíoch a mhaoiniú go comhchoiteann.

Sainaithníodh i dtogra 2024 ón gCoimisiún[58] deiseanna breise chun seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra a neartú. Tráth a bhfuil comhchruinniú leanúnach ann sa slabhra soláthair, idir réamhtheachtach (ionchuir a bhfuil gá leo) agus iartheachtach (earnáil an bhia), tá creat iomaíochta atá cothrom agus a fhorfheidhmítear go héifeachtach fíor-riachtanach i gcónaí d'fheirmeoirí chun luach saothair ceart a fháil as a gcuid oibre, agus soláthar ar phraghsanna réasúnta á áirithiú do thomhaltóirí an tráth céanna, i gcomhréir le cuspóirí CBT faoi CFAE.

[58] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia, 2024/0319 (COD).